Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta
An Cathaoirleach

26.4.2023

Younous Omarjee
Cathaoirleach
An Coiste um Fhorbairt Réigiúnach
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim maidir le leas a bhaint as tallann i réigiúin na hEorpa (2023/2044(INI))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, iarradh ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag a chruinniú an 1 Márta 2023, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 26 Aibreán 2023. Ag an gcruinniú sin, chinn sé a iarraidh ar an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin.

Le dea-mhéin,

Dragoş Pîslaru

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí go bhfuil lucht saothair oilte ríthábhachtach chun aistrithe glasa agus digiteacha atá cothrom agus cóir ar bhonn sóisialta a áirithiú, agus chun fás inbhuanaithe, cobhsaíocht eacnamaíoch agus athléimneacht an Aontais a neartú i bhfianaise athrú déimeagrafach agus suaití seachtracha díobhálacha, agus de bhrí go n-osclaítear deiseanna fostaíochta nua le scileanna atá níos leordhóthanaí agus níos dírithe ar an todhchaí agus go dtugtar cumhacht d'oibrithe agus do chuardaitheoirí poist páirt iomlán a ghlacadh i margadh an tsaothair, sa tsochaí agus sa daonlathas;

B. de bhrí go bhféadfadh neamhionannais réigiúnacha iallach a chur ar oibrithe deiseanna fostaíochta a shaothrú i réigiún nó i mBallstát eile; de bhrí, le hionstraimí an bheartais chomhtháthaithe, gur gá aghaidh a thabhairt ar an iliomad tosca a bhfuil tionchar acu ar an imirce chuig cathracha, agus/nó chuig réigiúin nó Ballstáit eile; de bhrí go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le hinfheistíochtaí uaillmhianacha agus le poist ardcháilíochta, mar aon le hinrochtaineacht agus cáilíocht seirbhísí agus bonneagair a fheabhsú i réigiúin atá i mbaol an dídhaonraithe chun borradh a chur faoina dtéarnamh eacnamaíoch agus faoina n-iomaíochas fadtéarmach sa mhargadh aonair agus chun treochtaí diúltacha déimeagrafacha a aisiompú ar an gcaoi sin;

C. de bhrí gur shainaithin an tÚdarás Eorpach Saothair, ina thuarascáil dar teideal 'Tuarascáil maidir le ganntanais agus barrachais sa lucht saothair', agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil, ina thuarascáil dar teideal 'Forbairt scileanna cibearshlándála in AE', gur aicmíodh 28 ngairm mar ghairm a raibh ganntanas scileanna in 2021, lena n-áirítear na hearnálacha cúraim sláinte, fáilteachais, tógála agus seirbhíse, agus gur sainaithníodh ganntanais speisialtóirí TF agus slándála, go háirithe saineolaithe cibearshlándála, agus oibrithe a bhfuil cúlra eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice acu;

D. de bhrí gur cheart do Bhliain Eorpach na Scileanna cruthú post ardcháilíochta agus straitéisí coinneála a chur chun cinn mar an bealach is fearr chun lucht saothair oilte a mhealladh agus a choinneáil agus dreasachtaí d'fhostóirí chun infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt scileanna a n-oibrithe a chur chun cinn, go háirithe sna hearnálacha glasa agus digiteacha;

1. is díol sásaimh dó an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le leas a bhaint as tallann i réigiúin na hEorpa roimh Bhliain Eorpach na Scileanna, arb é is aidhm di gairmoiliúint agus oiliúint ghairmiúil, athsciliú agus uas-sciliú a chur chun cinn tuilleadh agus a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár san aistriú glas agus san aistriú digiteach agus sa téarnamh eacnamaíoch; á iarraidh ar an gCoimisiún an leas is fearr is féidir a bhaint as Bliain Eorpach na Scileanna, go háirithe trí chláir uas-scilithe agus athscilithe a chur chun cinn laistigh d'earnálacha agus réigiúin atá tite ar gcúl ó thaobh iomaíochais agus nuálaíochta de nó a bhfuil claochluithe móra ag teacht orthu;

2. ag cur sonrú sa Talent Booster Mechanism (an Sásra Chun Cur leis an Tallann) mar

thionscnamh nua tiomnaithe agus cuimsitheach chun borradh a chur faoin “tallann” i réigiúin a bhfuil orthu aghaidh a thabhairt ar “ghaiste forbartha tallainne” nó atá i mbaol sin;

3. á chur i bhfáth, sa chomhthéacs sin, gur gá mianta, riachtanais, gairmoiliúint agus oiliúint ghairmiúil agus tacar scileanna oibrithe agus cuardaitheoirí poist a mheaitseáil, lena n-áirítear scileanna boga trasearnála agus scileanna a fuarthas le linn na soghluaisteachta, le riachtanais agus deiseanna mhargadh an tsaothair, go háirithe iad siúd a chuirtear ar fáil leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach agus le hearnálacha atá ag teacht chun cinn;

4. ag tabhairt dá aire, ina leith sin, go bhfuil infheistíocht san fhoghlaim ar feadh an tsaoil, in athsciliú agus in uas-sciliú bunriachtanach, lena n-áirítear trí ionstraimí amhail CSE+ a ghiaráil, chun na riachtanais a bheidh ann amach anseo a réamh-mheas agus chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair trí bhearnaí scileanna a dhúnadh, trí dhul i ngleic le neamhréir scileanna agus trí phoist ardcháilíochta a chruthú chun oibrithe agus cuardaitheoirí poist agus gach duine san Aontas a chumhachtú;

5. á iarraidh ar chomhpháirtithe sóisialta ról lárnach a bheith acu maidir le straitéisí oiliúna a fhorbairt, lena n-áirítear rochtain chomhionann ar chláir uas-scilithe agus athscilithe a chur ar fáil do gach oibrí agus á chur i bhfáth gur gá forálacha láidre ina leith sin a áireamh i gcomhaontuithe comhchoiteanna; á mheabhrú go bhfuil an t-idirphlé sóisialta bunriachtanach chun straitéisí scileanna éifeachtacha atá dírithe ar an todhchaí a fhorbairt, lena n-áirítear ar leibhéal na cuideachta, ag meabhrú an daonlathais ag an obair;

6. á chur in iúl gurb oth éi go bhfuil ganntanais lucht saothair, i gcásanna áirithe, mar thoradh ar phoist neamhtharraingteacha agus ar dhrochdhálaí oibre freisin, ag cur béim ar an bhfíoras, dá bhrí sin, go bhfuil sé tábhachtach dul i ngleic leis na saincheisteanna sin, trí bhíthin dálaí oibre cuibhiúla agus beartais choinneála, chun go mbeidh margadh saothair dea-fheidhmiúil ann amach anseo; á chur i bhfáth gur gné thábhachtach é cáilíocht na bpost a fheabhsú in earnálacha agus i gcuideachtaí a bhfuil drochdhálaí oibre iontu chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist imirce daoine oilte, rud a fhágann go mbíonn méadú ag teacht ar neamhionannais idir réigiúin, go mbíonn forbairt éagothrom ann chomh maith le hacmhainneacht éagothrom chun an nuálaíocht a spreagadh agus poist a chruthú;

7. a mheas go bhfuil sé ríthábhachtach rochtain chomhionann ar fhorbairt scileanna a chur chun cinn, foghlaim ar feadh an tsaoil a áirithiú do chách, agus aird ar leith á tabhairt ar oibrithe ar bheagán oiliúna, neamhionannais agus leithscaradh san oideachas agus san oiliúint a laghdú, deiseanna dul chun cinn gairme a chur ar fáil chomh maith le fiontraíocht agus scileanna fiontraíochta a chur chun cinn chun daoine a chumhachtú chun rochtain a fháil ar fhostaíocht ar ardcháilíocht nó chun fostaíocht ar ardcháilíocht a chruthú agus chun páirt iomlán a ghlacadh sa gheilleagar agus sa tsochaí;

8. ag tabhairt dá aire, i gcomhthéacs timpeallacht theicneolaíoch atá ag athrú go tapa, gur gá scileanna digiteacha a choinneáil cothrom le dáta; á chur in iúl gur geal leis ról an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna maidir le deiseanna foghlama ardcháilíochta a

chur ar fáil agus le tallann a chur chun cinn do dhaoine óga agus do dhaoine fásta araon;

9. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá díriú níos mó ar dhaoine ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht a lánpháirtiú i margadh an tsaothair, go háirithe mná agus daoine óga, go mór mór iad siúd nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna), daoine ar bheagán oiliúna, oibrithe scothaosta, daoine faoi mhíchumas, daoine ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus daoine ó chúlra imirceach, chomh maith le daoine atá ina gcónaí i gceantair bhánaithe, thuaithe agus iargúlta agus sna réigiúin is forimeallaí;

10. á chur i bhfáth go bhfuil éifeachtaí iarmharta diúltacha ag leibhéal íseal tairiscintí poist toisc go gcuireann sé brú ar dhaoine, go háirithe ar dhaoine óga, poist a lorg in áiteanna eile, go gcuireann sé le dúshláin shóisialta ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, amhail dífhostaíocht, aosú déimeagrafach, bochtaineacht agus eisiamh sóisialta, chomh maith le meath ar sheirbhísí poiblí agus príobháideacha; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá dlúthchomhar idir údaráis áitiúla agus réigiúnacha, institiúidí oideachais agus oiliúna agus cuideachtaí; ag tacú, dá bhrí sin, le cruthú agus maoiniú comhshocruithe áitiúla le haghaidh scileanna agus moil le haghaidh forbairt scileanna i gcomhar le gníomhaireachtaí fostaíochta;

11. á iarraidh ar na Ballstáit níos mó infheistíochta a dhéanamh san oideachas, agus i gcomhar leis na fostóirí, sna córais ghairmoiliúna agus san oiliúint ghairmiúil chomh maith le hathoiliúint agus uas-sciliú; ag tacú le soghluaisteacht laistigh den Aontas a mhéadú agus daoine ó thríú tíortha a bhfuil na scileanna is gá sna Ballstáit acu a mhealladh, trí oiliúint a chur chun cinn, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint teanga, agus forbairt scileanna, agus trí fheabhas a chur ar aitheantas cáilíochtaí agus trí aitheantas scileanna a éascú; á mholadh d'údaráis phoiblí fostaíochta agus do ghníomhaireachtaí príobháideacha fostaíochta faisnéis agus treoir ábhartha a chur ar fáil d'oibrithe taistil.